# Tuarascáil Bhliantúil 2023 maidir le Feidhmíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí

**Tuarascáil de chuid SEAI, arna hullmhú don Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide**




SEAI SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications

# Clár na nÁbhar


**1. Achoimre Fheidhmeach** **2**

**2. Cúlra agus Comhthéacs** **5**

2.1 Ceanglais bheartais agus reachtacha 5

2.2 An próiseas monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh ar líne (M&R) 7

2.3 Anailís ar thuairisciú a rinne eagraíochtaí san earnáil phoiblí 8

**3. Ídiú Fuinnimh agus Astaíochtaí** **9**

3.1 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí iomlána 9

3.2 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir cineál fuinnimh 10

3.3 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir úsáid deiridh 12

3.4 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir fo-earnála agus modha 13

3.5 Príomh-thomhaltóirí fuinnimh 14

3.6 Athrú ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí ó bhí 2021 ann 14

**4. Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh** **16**

4.1 Dul chun cinn i dtreo sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 16

4.2 Éifeachtúlacht fuinnimh de réir fo-earnála 16

**5. Spriocanna Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa** **18**

5.1 Dhá sprioc le haghaidh 2030 18

5.2 Dul chun cinn i dtreo na sprice $CO_2$ iontaise a bhaint amach 18

5.3 Dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí iomláine a bhaint amach 20

5.4 Taisteal gnó 22

**Ag Déanamh Dul Chun Cinn** **24**

**6. I dTreo 2030** **26**

6.1 Feidhmíocht grúpaí roinne 26

6.2 Feidhmiú comhlachtaí poiblí 28

**Aguisín 1 – Torthaí Feidhmíochta Grúpaí Roinne** **53**

**Aguisín 2 – Modheolaíocht Tuairiscithe** **55**

**Aguisín 3 – Gluais** **56**


seai SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment, Climate and Communications

# 1. Achoimre Fheidhmeach

Seo an deichiú tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmíocht fuinnimh Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí in Éirinn, mar a shainmhínítear iad in IR 426 de 2014[1]. Leagtar amach an tuarascáil i gcomhthéacs ghealltanais AE agus náisiúnta na hÉireann agus i gcomhthéacs na spriocanna fuinnimh agus athraithe aeráide iomlána atá ag an tír, mar atá leagtha síos sa *Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide (2023)*[2], sa *Phlean Náisiúnta Fuinnimh & Aeráide* (2020) agus sa *Chlár Rialtais* (2020).

Ceanglaítear ar an earnáil phoiblí ról ceannaireachta a ghlacadh maidir le cuspóirí náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. Déanann comhlachtaí poiblí é seo trí choigilteas fuinnimh oibríochtúil a bhaint amach ina n-úsáid fuinnimh laethúil, trí threalamh atá tíosach ar fhuinneamh a úsáid, trí chinntiú go bhfuil fostaithe ar an eolas faoi chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh agus go gcuireann siad i bhfeidhm na cleachtais sin, agus trí chórais téimh agus/nó aerchóirithe sna foirgnimh ina bhfuil comhlachtaí poiblí lonnaithe a fheabhsú ar mhaithe le cur amú fuinnimh a sheachaint. Tá gá le hiarfheistiú a dhéanamh, de réir na gcaighdeán is airde, ar na foirgnimh atá faoi úinéireacht na hearnála poiblí. Tá sé seo á dhéanamh de réir a chéile, mar aon le dícharbónú na bhfeithiclí a úsáideann comhlachtaí poiblí. Ceanglaítear ar an earnáil phoiblí astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030, agus a bheith aeráidneodrach tráth nach déanaí ná 2050.

Rinne an Rialtas Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí a fhaomhadh agus foilsíodh í i Márta 2023. Cinntíonn an straitéis earnála poiblí uileghabhálach seo go mbeidh comhsheasmhacht ann ar fud na hearnála poiblí ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de. Beidh feidhm ag an straitéis go dtí 2025, chun go mbeidh sí ag teacht le deireadh chéad tréimhse an Bhuiséid Charbóin. Díríonn an straitéis ar an rialachas, rud atá mar ghné lárnach den ról ceannaireachta nach mór a bheith ag an earnáil phoiblí ó thaobh dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh de chun an aistriú glan-nialasach a bhaint amach ar fud na tíre.

Ar a bharr sin, tacaíonn Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide le comhlachtaí poiblí ceannaireacht sa ghníomhú ar son na haeráide a thabhairt le dea-shampla. Déantar an Sainordú, a foilsíodh den chéad uair in 2022, a athbhreithniú go bliantúil agus rinneadh nuashonrú air in 2023. Ní mór do gach comhlacht poiblí, seachas údaráis áitiúla, comhlachtaí tráchtála leathstáit agus earnáil na scoileanna[3], gníomhú agus tuairisciú a dhéanamh ar na gníomhartha a dhéanann siad mar atá leagtha amach sa Sainordú. Ní mór do chomhlachtaí poiblí Treochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú freisin, ina leagtar amach a gcuid pleananna maidir le cur i bhfeidhm an tSainordaithe. D'ullmhaigh an Ghníomh-aireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) treoir don dara leagan de na Treochláir agus tá an treoir ar fáil anois ar shuíomh gréasáin SEAI[4].

Agus a sonraí bliantúla maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairisciú acu, tá os cionn 99% de na comhlachtaí poiblí agus 79% de na scoileanna ag baint úsáide as an gcóras monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh ar líne (M&R) atá forbhartha ag SEAI agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Cuireann an córas taifead agus tacar sonraí tábhachtach ar fáil maidir le feidhmiú na hearnála poiblí i gcomparáid le tréimhse bhonnlíne. Tá an córas á nuashonrú chun monatóireacht a dhéanamh ar mhéadracht nua agus chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe, chomh maith le ceanglais tuairiscithe náisiúnta agus AE eile, a rianú go dtí 2030. Léiríonn sonraí M&R don bhliain 2022 gur baineadh amach gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh iomlán de 32.5% san earnáil phoiblí (i gcomparáid le bonnlíne 2009). D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar fós ag Covid-19 ar ídiú fuinnimh comhlachtaí poiblí in 2022, cé go mbeadh sé níos lú ná mar a bhí in 2020 agus 2021. Ina theannta sin, mar gheall ar athruithe a cuireadh i bhfeidhm i gcomhlachtaí poiblí agus scoileanna a úsáideann M&R, ní féidir comparáid a dhéanamh i gcónaí idir sonraí bliantúla ar bhonn macasamhail le macasamhail.

- In 2022, iarradh ar 348 comhlacht poiblí sonraí a thuairisciú don SEAI, agus chuir 345 díobh sin tuarascálacha iomlána isteach faoin spriocdháta tuairiscithe.
- Ina theannta sin, iarradh ar 3,667 scoil neamhspleách sonraí a thuairisciú, agus chuir 3,015[5] díobh tuarascálacha iomlána isteach.

Is léir ó na sonraí go bhfuil gnóthachain éifeachtúlachta á mbaint amach ag comhlachtaí poiblí trí na mílte tionscadail éagsúla a chur i bhfeidhm, idir bhainistíocht struchtúrtha fuinnimh, uasghrádú foirgneamh agus saoráidí, aisfheistiú, athruithe ar chórais iompair, sholáthar fuinnimh níos fearr agus trí athrú iompraíochta a bhaint amach in eagraíochtaí.

Rinneadh anailís sa tuarascáil ar na sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) a chuir comhlachtaí poiblí isteach maidir le hídiú fuinnimh agus astaíochtaí GCT do 2022, agus déantar comparáid idir an dul chun cinn atá déanta acu de réir spriocanna i leith éifeachtúlachta fuinnimh agus astaíochtaí 2030. Ba cheart do chomhlachtaí poiblí a bheith ar an eolas go bhfuil spriocanna sonracha do chomhlachtaí poiblí leagtha amach i dTreoir nua (AE) 2023/1791 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh – a tháinig i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2023 – agus gur gá na spriocanna seo a bhaint amach faoi 2030. Ceanglaítear leis an Treoir nua, inter alia, dearbhlaghduithe ar ídiú fuinnimh a bhaint amach i gcomparáid leis an ídiú a bhí ann in 2021. Is athrú suntasach é seo atá difriúil ón gcaoi a rinneadh tomhas ar éifeachtúlacht fuinnimh go dtí seo. Cé nár cuireadh na spriocanna nua san áireamh sa tuarascáil seo, beidh táscairí feidhmíochta nua le tabhairt isteach ina leith sin. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoi seo in 2024.

Ó bhí 2021 ann, tá sé d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí sonraí bliantúla maidir le taisteal gnó a thuairisciú don SEAI. Sáraíonn sé seo scóip spriocanna na hearnála poiblí 2030, áfach.

1 Leagtar amach i Rialachán 4 de IR 426 2014 an sainmhíniú ar "chomhlacht poiblí".
2 Foilsíodh an Plean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 i mí na Nollag 2022.
3 Tá feidhm ag sainorduithe atá sonrach ó thaobh earnála de i gcás na n-earnálacha seo
4 www.seai.ie/publications/Public_Sector_Bodies_Climate_Action_Roadmaps_Guidance.pdf
5 Rinne 164 scoil sa bhreis iarracht tuarascálacha a chur isteach, ach bhí a gcuid sonraí neamhiomlán agus níor cuireadh san áireamh iad sa tuarascáil seo.

## An Chaoi a Bhfuil Cúrsaí faoi Láthair

**FEABHAS ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH**

32.5%
2022

SPRIOC
50%
(2030)

**RÁTA TUAIRISCITHE COMHLACHTAÍ POIBLÍ**

99.1%
ARNA THUAIRISCIÚ IN 2022
(seachas scoileanna)

348
IOMLÁN

**LAGHDÚ AR ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ IONTAISE[6]**

3.9%
2022

SPRIOC
51%
(2030)

**RÁTA TUAIRISCITHE SCOILEANNA**

82.2%
ARNA THUAIRISCIÚ IN 2022

3,667
IOMLÁN

**LAGHDÚ IOMLÁN AR ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ A BHAINEANN LE FUINNEAMH**

17.3%
2022

**IOMLÁN AN FHUINNIMH ÍDITHE**

99%
IS IAD NA 345 COMHLACHT POIBLÍ AGUS 3,015 SCOIL A CHUR ISTEACH TUAIRISC A D'ÍDIGH 99% DEN FHUINNEAMH IOMLÁN SAN EARNÁIL SEO

**Seo a leanas na príomhthorthaí ón anailís a rinneadh ar na sonraí a thuairiscigh 345 comhlacht poiblí agus 3,015 scoil don bhliain 2022:**

- Ba é 9,888 GWh comhiomlán an fhuinnimh phríomha a d'úsáid siad; ba é 1,732 kt$CO_2$ an méid fuinnimh iomlán a bhí bainteach le $CO_2$a d'úsáid siad; agus ba é €1,097 milliún an méid iomlán a chaith siad ar fhuinneamh.
- Meastar gurb ionann sin agus 99% d'ídiú fuinnimh na hearnála.
- Is ionann seo agus feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh de 32.5% i gcomparáid le hídiú 'gnó mar is gnách'; is ionann é agus 4,627 GWh d'ídiú fuinnimh phríomha seachanta, nó €327 milliún i gcoigilteas costais don earnáil.
- Tháinig laghdú 3.9% ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise ón mbonnlíne gás ceaptha teasa, agus tháinig laghdú 17.3% ar astaíochtaí iomlána $CO_2$.

Is é 37,965 GWh an coigilteas carnach de bharr ídiú fuinnimh phríomha seachanta i gcomparáid leis an mbonnlíne, agus is é €2,511 milliún luach carnach an choigiltis fuinnimh thar an tréimhse chéanna.

Tá ráta tuairiscithe na n-eagraíochtaí san earnáil phoiblí an-láidir i gcónaí: 99.1% in 2022 (gan scoileanna neamhspleácha a chur san áireamh).

Aithnítear scoileanna neamhspleácha mar chatagóir ar leith. Cé gur iarradh ar 3,667 scoil tuairisciú a dhéanamh, níl iontu ach céatadán beag (thart ar 6%) d'ídiú fuinnimh foriomlán na hearnála poiblí. Bíonn cúinsí agus próifíl úsáide fuinnimh an-difriúil acu i gcomparáid le comhlachtaí poiblí eile (acmhainneacht teoranta infheistithe – bíonn tréimhsí fada aisíoca i gceist nuair a dhéanann siad infheistíocht ar an mórchóir sa chreatlach foirgnimh). Dá bhrí sin, déantar na rátaí comhlíonta do chomhlachtaí poiblí agus do scoileanna a thuairisciú ar leithligh.

6 Féach Cuid 5 den tuarascáil seo chun tuilleadh eolais a fháil ar spriocanna gás ceaptha teasa

Ba é 82% an ráta comhlíonta tuairiscithe do scoileanna neamhspleácha don bhliain 2022, méadú ar ráta comhlíonta na bliana roimhe sin – 79%.

Idir seo agus 2030e, is léir go mbeidh sé fíor-riachtanach do chomhlachtaí poiblí, agus dá *nOifigigh Feidhmíochta Fuinnimh*, páirt ghníomhach a ghlacadh trí mheán na struchtúr rialachais le cinntiú go gcomhlíontar spriocanna fuinnimh agus spriocanna i leith astaíochtaí na hearnála poiblí faoi 2030.

Is uirlis chumasúcháin ríthábhachtach an próiseas M&R bliantúil a chuireann faisnéis feidhmíochta ar fáil do chomhlachtaí poiblí, dá nOifigigh Feidhmíochta Fuinnimh, agus do phríomhpháirtithe leasmhara, agus a chuireann ar a gcumas cinnteoireacht agus bearta straitéiseacha a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh agus spriocanna náisiúnta a bhaint amach

## Príomhthorthaí 2022

**9,888 GWh**

**ÍDIÚ FUINNIMH IOMLÁN NA 345 COMHLACHT POIBLÍ AGUS NA 3,015 SCOIL A THUAIRISCIGH**

**ARBH IONANN É AGUS CAITEACHAS FUINNIMH IOMLÁN**

**€1,097m**

**IN 2022, BA É SEO A LEANAS AN COIGILTEAS ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH A BAINEADH AMACH:**

**4,627 GWh**

**COIGILTEAS BLIANTÚIL FUINNIMH PHRÍOMHA**

=

**32.5%**

**ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH - FEABHAS AR GHNÓ MAR IS GNÁCH**

=

**€327m**

**COIGILTEAS I GCAITEACHAS FUINNIMH I GCÁS COMHLACHTAÍ POIBLÍ & SCOILEANNA**

**AN LAGHDÚ AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA IN 2022:**

**3.9%**

**ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ IONTAISE**

←

$CO_2$

→

**17.3%**

**IOMLÁN NA N-ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$**

# 2. Cúlra agus Comhthéacs

## 2.1 Ceanglais bheartais agus reachtacha

Is cuid lárnach an éifeachtúlacht fuinnimh de bheartas fuinnimh na hÉireann. Tacaíonn sí le cuspóirí aeráide agus fuinnimh a bhaint amach agus laghdaíonn sí an tionchar ar an gcomhshaol trí ghiniúint fuinnimh nach bhfuil gá léi a sheachaint. Tacaíonn sí le slándáil an tsoláthair, leis an inbhuanaitheacht agus an inacmhainneacht/ iomaíochas, an 'aincheist thriarach fuinnimh' mar a thugtar uirthi. Ar leibhéal an Aontais, tá béim leagtha ag treoracha as déis a chéile ar an fíor-thábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh.

In 2023, rinne an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide formhór na bhfeidhmeanna a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí faoi IR 426 de 2014 a tharmligean go foirmiúil chuig an Aire Stáit Ossian Smyth, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh comhlachtaí poiblí dul chun cinn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Rinneadh sáriarracht bhreise ar fud na hearnála poiblí i rith gheimhreadh 2022/23 ceannaireacht a léiriú tríd an tionscnamh éifeachtúlachta fuinnimh 'Reduce Your Use' a chuir SEAI agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ar fáil do chomhlachtaí san earnáil phoiblí. Leag an feachtas béim ar na príomhghníomhartha a d'fhéadfadh comhlachtaí poiblí a dhéanamh maidir le téamh, soilsiú, úsáid leictreachais le linn buaicuaireanta, iniúchadh agus cothabháil fuinnimh. Ba é cuspóir an fheachtais a chinntiú go ndéanfadh comhlachtaí san earnáil phoiblí bainistiú gníomhach ar úsáid fuinnimh agus go gcuirfeadh siad gníomhartha i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a laghdú ina n-eagraíochtaí. Chomh maith leis sin, bhí sé de chuspóir ag an bhfeachtas a chinntiú go gcuirfeadh siad feachtais feasachta fuinnimh i bhfeidhm chun feasacht fuinnimh agus athrú iompraíochta a chur chun cinn i measc a bhfostaithe. Tugadh dea-shamplaí de choigilteas fuinnimh agus leag SEAI béim ar chás-staidéir úsáideacha ar a láithreán gréasáin[7]. Déanfar an feachtas 'Reduce Your Use' a reáchtáil arís i rith gheimhreadh 2023/24.

Tá clár Pathfinder SEAI mar cheann feadhna ar an iarfheistiú caipitil san earnáil phoiblí le 6 bliana anuas. Faoin gclár Pathfinder cuireann SEAI tacaíocht theicniúil agus chaipitil ar fáil. Tionscadail chasta iad seo a theastaíonn cur chuige bainistíochta tionscadal mionsonraithe uathu. Tá comhaontuithe aonair déanta ag SEAI faoin gclár Pathfinder le ceannairí punainne réadmhaoine náisiúnta agus cuireann sé comhchistiú ar fáil do thionscadail iarfheistithe dhoimhne. Tá na ceannairí punainne eastáit náisiúnta ag staideanna éagsúla forbartha agus tá roinnt iarfheistithe doimhne curtha i gcrích ag cuid acu anois (e.g. in earnálacha an oideachais agus an ardoideachais). Tá cuid eile tar éis bearta iarfheistithe éadoimhne amháin a dhéanamh atá ag staideanna luatha den phróisis iarfheistithe dhomhain.

Cuireann an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF) oibleagáidí dlíthiúla sonracha ar na Ballstáit maidir le foirgnimh san earnáil phoiblí. Tá sé seo bunaithe ar an dearcadh gur chóir don earnáil phoiblí ceannaireacht a thabhairt le dea-sampla – nach féidir le Rialtais iarraidh ar dhaoine eile a n-úsáid fuinnimh a laghdú, mura bhfuil siadsan sásta an rud céanna a dhéanamh.

Leagan an treoir is déanaí ón AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (AE 2023/1791), a tháinig i bhfeidhm an 10 Deireadh Fómhair 2023, leagan sí síos oibleagáidí sonracha don earnáil phoiblí. Áirítear orthu sin laghdú bliantúil ar ídiú fuinnimh de 1.9% a bhaint amach i gcomparáid le 2021 agus ráta athchóirithe bliantúil de 3% a bhaint amach d'achar urláir iomlán na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí. Ní mór do na Ballstáit bonnlíne a leagan síos do 2021 a bhaineann le hídiú deiridh fuinnimh gach comhlachta poiblí, ach amháin i gcás an iompair phoiblí nó na bhfórsaí armtha. Chuige sin, beidh na sonraí M&R a chuirfear faoi bhráid SEAI an-úsáideach. Is athrú suntasach sa chaoi a thomhaistear éifeachtúlacht fuinnimh an t-aistriú ar leibhéal an AE chuig ceanglas a bhaineann le laghdú iomlán ar ídiú deiridh fuinnimh comhlachtaí poiblí i gcomparáid le 2021, go háirithe i gcomhthéacs ráta fáis daonra na hÉireann, fás a bhfuil tionchar aige ar an éileamh a bhíonn ar sheirbhísí poiblí. Beidh sé an-deacair na spriocanna seo a bhaint amach.

Ní thugtar aghaidh sa tuarascáil seo ar na spriocanna agus ar na himpleachtaí a bheidh ag na spriocanna do chomhlachtaí poiblí agus tuairisciú ar líne M&R, ach déanfar tuilleadh plé orthu le comhlachtaí poiblí in 2024 agus muid ag ullmhú chun ceanglais na Treorach a chur i bhfeidhm agus measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a ghabhann léi do chomhlachtaí poiblí.

Ar an iomlán, éilíonn Treoir nua an AE go laghdófar ídiú deiridh fuinnimh an Aontais 11.7% faoi 2030 (i gcomparáid le cás tagartha 2020). Cuireann an Treoir an éifeachtúlacht fuinnimh mar chéad phrionsabal ar bhonn dlíthiúil. Sula gcuirtear i bhfeidhm aon bheartas fuinnimh eile, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faoin Treoir beartas chun úsáid fuinnimh a laghdú a chur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, tá impleachtaí móra ag an Treoir nua maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF) do chomhlachtaí poiblí sna Ballstáit. Cé gur cuireadh i gcrích an chaibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mí na Nollag 2023, is i R1 2024 a bhfoilseofar an leagan deiridh den Treoir. I measc na gceanglas a ghabhann léi tá feidhmiú na gcaighdeáin a bhaineann le foirgnimh nua atá faoi úinéireacht nó ar léas do sheirbhísigh phoiblí, ceanglas maidir le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh faoi dhátaí sonracha i bhfoirgnimh atá á n-áitiú cheana féin ag seirbhísigh phoiblí, agus ceanglas maidir le fuinneamh gréine a shuiteáil faoi dhátaí áirithe, a luaithe a chomhlíonann na foirgnimh critéir áirithe.

Ar an iomlán, is é príomhchuspóir an FFF nua gur cheart go mbeadh gach foirgneamh nua saor ó astaíochtaí faoi 2030 agus gur cheart na foirgnimh atá ann cheana a chlaochlú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasach faoi 2050. Tá bearta sa FFF athbhreithnithe chun pleanáil straitéiseach athchóirithe a fheabhsú. Beidh ar Éirinn Pleananna Náisiúnta Athchóirithe Foirgníochta a bhunú chun an straitéis náisiúnta a leagan amach maidir le stoc foirgneamh a dhícharbónú. Beidh uirthi aghaidh a thabhairt ar na baic atá ann fós, agus scéim náisiúnta um pas chun foirgnimh a athchóiriú a bhunú mar threoir d'úinéirí foirgneamh lena n-aistriú i dtreo foirgneamh atá saor ó astaíochtaí ar bhonn céimneach.

Ceanglaítear leis an tríú Treoir nua ón AE maidir le Fuinneamh In-athnuaite (AE 2023/2413), inter alia, go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag foirgnimh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta,

7 www.seai.ie/reduceyouruse/public-bodies/energy-efficiency-campaig

réigiúnach agus áitiúil ról eiseamláireach maidir leis an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite a úsáidtear. Féadfaidh Ballstát, inter alia, cead a thabhairt an oibleagáid sin a chomhlíonadh trína fhoráil go mbeidh díonta foirgneamh poiblí nó díonta foirgneamh príobháideach poiblí á n-úsáid ag tríú páirtithe le haghaidh suiteálacha lena dtáirgfear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. Pléifear an riachtanas nua seo le comhlachtaí poiblí in 2024 chomh maith.

Bunaíodh Tascfhórsa um Theas agus Thimpeallacht Thógtha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar an dlús atá á chur leis an seachadadh uile-chórais i dtaca le hiarfheistiú, téamh in-athnuaite, téamh ceantair, dícharbónú agus riachtanais úsáide fuinnimh foriomlána an stoic foirgnimh. Baineann sé seo leis na hearnálacha go léir. Bunaíodh Grúpa Oibre Earnála Poiblí faoin Tascfhórsa um Theas agus Thimpeallacht Thógtha chun dlús a chur leis an bpróiseas iarfheistithe, teasa in-athnuaite, teasa ceantair agus le dícharbónú an stoic tógála, go háirithe i dtimpeallacht thógtha na hearnála poiblí.

Chabhraigh an grúpa oibre earnála poiblí le treoir a chur ar fáil do chomhlachtaí san earnáil phoiblí maidir le pleananna stoic tógála atá le cur faoi bhráid SEAI. Tá sé mar aidhm ag na pleananna stoic tógála a chur ar chumas SEAI forbhreathnú straitéiseach a dhéanamh ar phunann náisiúnta na bhfoirgneamh atá á n-áitiú ag comhlachtaí poiblí. Tá sé i gceist go gcuirfeadh sé seo le forbairt cleachtadh tosaíochta chun iarfheistiú foirgneamh a sheachadadh ar fud na hearnála poiblí. Tá sé beartaithe ag an ngrúpa oibre earnála poiblí treochlár timpeallachta tógtha agus Creat Pleanála Bliantúil um Dhícharbónú an Stoic Tógtha a fhorbairt, ina leagfar amach na gníomhaíochtaí leanúnacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh is gá a chur i bhfeidhm san earnáil phoiblí chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe na hearnála poiblí a bhaint amach.

Leagtar amach i *gClár an Rialtais* (2020) tiomantas do mheánlaghdú 7% in aghaidh na bliana ar astaíochtaí foriomlána gás ceaptha teasa ó 2021 go 2030 (laghdú 51% thar na deich mbliana) agus do ghlanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Tá tiomantas sa chlár freisin go leagfar amach bealach soiléir do gach earnáil (lena n-áirítear an earnáil phoiblí) ionas nach mbeidh siad ag brath chomh mór sin ar bhreoslaí iontaise.

Chomh maith leis sin, leag an clár síos spriocanna níos uaillmhianaí don earnáil phoiblí, lena n-áirítear sprioc chun astaíochtaí a laghdú 51%.

## Spriocanna

Tá na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú feabhsaithe a bhaint amach fós ina dianriachtanais náisiúnta agus tá dlúthbhaint acu le cumas Éireann a cuid cuspóirí idirnáisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach.

Foilsíodh Straitéis uileghabhálach um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí i mí an Mhárta 2023, i gcomhlíonadh Ghníomh 53b den Phlean Um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021. Cinntíonn an straitéis seo go mbeidh comhsheasmhacht ann ar fud na hearnála poiblí ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de. Beidh feidhm ag an straitéis go dtí 2025, ionas go mbeidh sé ag teacht le deireadh an chéad tréimhse Buiséid Carbóin.

Díríonn an Straitéis seo ar cheannaireacht agus rialachas. Ní mór ceannaireacht a bhfuil rialachas láidir ar gach leibhéal mar bhonn taca léi chun ár spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh 2030 a bhaint amach. Ós rud é gur chion céatadán beag de na hastaíochtaí iomlána náisiúnta astaíochtaí

Tá na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú feabhsaithe a bhaint amach fós ina dianriachtanais náisiúnta agus tá dlúthbhaint acu le cumas Éireann a cuid cuspóirí idirnáisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach

na hearnála poiblí, is é an ról a bheidh ag an earnáil phoiblí ná an t-aistriú foriomlán chuig sochaí dhícharbónaithe a spreagadh. Is éard a bheidh i gceist le ceannaireacht na hearnála poiblí ná oibríochtaí agus slabhraí soláthair a athrú ó bhonn trí iompraíochtaí nua sa lucht saothair a chur chun cinn, lena n-áirítear dearcadh glas a bheith ann i gcinntí soláthair na hearnála poiblí, agus an maolú aeráide a thabhairt isteach sa phróiseas buiséadaithe.

### Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023

Tá ról ceannaireachta ag an earnáil phoiblí maidir le gníomhú forleathan ar son na haeráide a chur chun cinn, ina cuid foirgneamh, córas iompair, ina bainistíocht dramhaíola agus ina húsáid fuinnimh, chomh maith le gníomhú ar son na haeráide a spreagadh sa tsochaí go ginearálta. Chun é seo a bhaint amach, tá an earnáil phoiblí:

- Ag neartú creata rialachais aeráide i gcomhlachtaí na hearnála poiblí
- Ag méadú an tuiscint atá ar an athrú aeráide san earnáil phoiblí
- Ag cur i bhfeidhm beartas chun flít na hearnála poiblí a dhícharbónú
- Ag infheistíocht i bhFeithiclí Astaíochtaí Nialasacha amháin
- Ag iarfheistiú foirgneamh de chuid na hearnála poiblí
- Ag cur i bhfeidhm beartas soláthar poiblí glas ar fud na hearnála poiblí

Faoi 2025, bainfidh an earnáil phoiblí na spriocanna maidir le tógáil agus iarfheistiú amach atá leagtha síos i Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i gcaibidil 14 den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023.

Faoi 2030, déanfaidh an earnáil phoiblí an méid seo a leanas:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil phoiblí a laghdú 51%
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% faoi 2030.

Déanfaidh an earnáil phoiblí Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú go bliantúil. Cuireadh an chéad leagan de Shainordú na hEarnála Poiblí san áireamh i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 agus fuair sé faomhadh ón Rialtas in 2022. Déantar athbhreithniú ar an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide mar chuid de phróiseas dréachtaithe an CBT gach bliain agus is féidir teacht ar Shainordú nuashonraithe um Ghníomhú ar son na hAeráide sa chaibidil den Phlean bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide ina phléitear an Earnáil Phoiblí.

Tá tuilleadh sonraí faoi na spriocanna agus na gealltanais sin leagtha amach sa chaibidil den Phlean bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide ina phléitear an Earnáil Phoiblí. 2023.

## 2.2 An próiseas monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh ar líne (M&R)

Ó bhí 2010 ann, tá sé de cheangal ar eagraíochtaí na hearnála poiblí de réir reachtaíocht na hÉireann tuairisciú a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh agus ar aon ghníomh a ghlacann siad chun ídiú fuinnimh a laghdú. Tá dhá phríomhdhualgas ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí:

- Ceanglas – faoi fhorálacha IR 426 de 2014 – sonraí bainistíochta agus feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú go díreach don SEAI gach bliain chun an dul chun cinn i dtreo na spriocanna a rianú.
- Ceanglas chun ráiteas bliantúil a fhoilsiú maidir le feidhmíocht fuinnimh. Ní mór cur síos a dhéanamh sa ráiteas seo ar 'na gníomhartha atá á ndéanamh aige, nó atá déanta aige, chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht fuinnimh agus measúnú ar an gcoigilteas fuinnimh a eascraíonn as na gníomhartha sin'.

Léirítear an mhodheolaíocht tuairiscithe thíos i bhFíor 1 agus tugtar achoimre uirthi in Aguisín 2.


I ndoiciméad treorach modheolaíochta M&R-2030 SEAI, déantar cur síos cuimsitheach ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun an dul chun cinn i dtreo na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe gás ceaptha teasa a rianú. Difríocht shuntasach amháin atá ann idir na bealaí éagsúla a úsáidtear chun éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a rianú ná an chaoi a ndéantar athruithe ar an leibhéal gníomhaíochta in eagraíochtaí na hearnála poiblí a thomhas:

- Chun éifeachtúlacht fuinnimh a thomhas, déantar feidhmíocht fuinnimh eagraíochta a rianú ag úsáid táscaire feidhmíochta fuinnimh[8]. Cuimsíonn an táscaire seo athruithe ar leibhéal gníomhaíochta na heagraíochta, ionas go gcuirtear luaineacht i ngníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar ídiú fuinnimh san áireamh agus an fheidhmíocht fuinnimh (éifeachtúlacht fuinnimh) á deimhniú.
- I gcás astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh, déantar astaíochtaí na heagraíochta a rianú ar bhonn absalóideach, i.e. ní dhéantar aon choigeartú d'athruithe ar an leibhéil ghníomhaíochta, d'athruithe san acmhainn, sa struchtúr eagraíochtúil, sa leibhéil seirbhíse nó sa déimeagrafaic.

Déantar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus gás ceaptha teasa a rianú i gcomparáid leis an tréimhse bonnlíne, ionas gur féidir feabhsuithe a thomhas agus a mheasúnú. Ní hionann na tréimhsí bonnlíne a úsáidtear chun éifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a thomhas.

Tá an próiseas M&R á athfhorbairt ag SEAI, agus tá feabhas á chur aige ar an gcóras ar líne ar mhaithe leis an gceanglas maidir le rianú spriocanna 2030 na hearnála poiblí a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus i gClár an Rialtais. Cuirfidh an córas seo ardán ar fáil do chomhlachtaí poiblí chun a bhfeidhmíocht fuinnimh agus a lorg carbóin, i measc ceanglais tuairiscithe eile, a rianú; lena n-áirítear na ceanglais atá leagtha amach faoi Threoir an AE maidir le Feithiclí Glana.

### FÍOR 1: CONAS A THUAIRISCÍONN COMHLACHTAÍ POIBLÍ




8 Is bealach é táscaire feidhmíochta fuinnimh (EnPI) chun feidhmíocht fuinnimh eagraíochta a thomhas. Gach bliain, ríomhtar EnPI trí ídiú iomlán fuinnimh phríomha na heagraíochta a roinnt ar mhéadrach gníomhaíochta.

## 2.3 Anailís ar thuairisciú a rinne eagraíochtaí san earnáil phoiblí

In Éirinn, tá sainmhíniú leathan ar an earnáil phoiblí. Cuimsíonn sí réimse leathan eagraíochtaí, lena n-áirítear an státseirbhís, údaráis áitiúla, comhlachtaí/gníomhaireachtaí stáit neamhthráchtála, comhlachtaí agus eagraíochtaí tráchtála stáit sna hearnálacha sláinte, ceartais, cosanta agus oideachais.

**Iarradh ar 348[9] comhlacht poiblí agus 3,667 scoil neamhspleách** sonraí a thuairisciú le SEAI trí thimthriall tuairiscithe 2022. Rinneadh anailís ar na comhlachtaí poiblí agus na scoileanna ar iarradh orthu tuairisciú a dhéanamh le linn thimthriall tuairiscithe 2022 mar seo a leanas:

- Iarradh ar 348 comhlacht poiblí, lena n-áirítear 16 Bhord Oideachais & Oiliúna (BOOanna)[10], sonraí feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú trí úsáid a bhaint as córas tuairiscithe ar líne SEAI agus sonraí maidir lena dtaisteal gnó a thuairisciú trí theimpléad tuairiscithe scarbhileog-bhunaithe.
- Iarradh ar 3,667 scoil eile sonraí feidhmíochta fuinnimh a thuairisciú tríd an gcóras ar líne mar eintitis neamhspleácha. Níor iarradh orthu sonraí maidir le taisteal gnó a thuairisciú.


Faoin spriocdháta tuairiscithe, bhí 347 comhlacht poiblí agus 3,179 scoil neamhspleách tar éis a sonraí feidhmíochta fuinnimh a chur faoi bhráid SEAI. Bhí cuid de na tuarascálacha seo easnamhach agus níor cuireadh san áireamh iad san anailís ar na sonraí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo. Is éard atá sna sonraí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo ná anailís ar 345 tuarascáil iomlán ó chomhlachtaí poiblí agus 3,015 tuarascáil ó scoileanna neamhspleácha. Is ionann an 345 tuarascáil iomlán a chuir comhlachtaí poiblí isteach agus ráta comhlíonta 99.1%. Measann SEAI gurb ionann ídiú na n-eagraíochtaí ar fad a thuairiscigh agus os cionn 99% d'ídiú fuinnimh iomlán na hearnála poiblí.

Faoin spriocdháta tuairiscithe, bhí 305 comhlacht poiblí tar éis sonraí maidir lena dtaisteal gnó a chur faoi bhráid SEAI freisin.

Léirítear i bhFíor 2 líon na dtuarascálacha iomlána a cuireadh isteach ó gach fo-earnáil mar chion de líon iomlán na n-eagraíochtaí i ngach fo-earnáil. Léirítear sna cairteacha cion na n-eagraíochtaí a chuir an dá thuarascáil isteach (i.e. taisteal fuinnimh agus gnó) agus an cion a chuir tuarascálacha fuinnimh isteach amháin.

> Measann SEAI gurb ionann ídiú na n-eagraíochtaí ar fad a thuairiscigh agus os cionn 99% d'ídiú fuinnimh iomlán na hearnála poiblí

**FÍOR 2: ANAILÍS AR NA TUARASCÁLACHA DE RÉIR FO-EARNÁLA**




9 D'fhéadfadh athrú teacht ar líon na n-eagraíochtaí san earnáil phoiblí a gceanglaítear orthu tuairisciú a dhéanamh in Éirinn gach bliain mar gheall ar athruithe eagraíochtúla a thagann ar an bhfód de réir bheartas agus reachtaíocht an rialtais.

10 Iarradh ar na háiseanna atá faoi choimirce na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna), lena n-áirítear os cionn 250 scoil, tuairisciú a dhéanamh trína gcuid BOOanna.

# 3. Ídiú Fuinnimh agus Astaíochtaí

Tá na sonraí a chuirtear i láthair in alt 3 bunaithe ar na tuarascálacha iomlána a chuir 345 comhlacht poiblí agus 3,015 scoil[11] isteach.

## 3.1 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí iomlána

Ba é an t-ídiú fuinnimh iomlán a tuairiscíodh do 2022 ná 7,168 GWh d'fhuinneamh deiridh, arb ionann é agus 9,888 GWh d'fhuinneamh príomha.

Chruthaigh sé seo 1,736,000 tona d'astaíochtaí GCT a bhaineann le fuinneamh[12] in 2022, arna shloinneadh mar 1,736 cileatona $CO_2$ ($ktCO_2$). Measann SEAI gurbh ionann caiteachas fuinnimh na hearnála poiblí agus €1,097 milliún in 2022.

Taispeántar anailís ar fho-earnálacha na n-iomlán sin i dTábla 1 agus taispeántar anailís ar an bhfuinneamh deiridh i bhFíor 3.

### Fuinneamh deiridh agus fuinneamh príomha

Is éard is ídiú deiridh fuinnimh nó ídiú críochnaitheach iomlán (TFC) ann ná an fuinneamh a úsáideann eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus earnálacha ídithe deiridh eile den gheilleagar, e.g. sna hearnálacha tionsclaíochta, iompair, cónaithe, srl. Ní áirítear ann an fuinneamh a úsáidtear in earnáil an fhuinnimh, e.g. le haghaidh giniúint leictreachais, scagadh ola, srl.

Is ionann fuinneamh príomha nó riachtanas iomlán an fhuinnimh phríomha (TPER) agus fuinneamh a ídítear agus/nó a chailltear i bpróisis claochlaithe, tarchurtha agus dáilte. Ríomhtar é seo trí fhachtóirí tiontaithe fuinnimh phríomha a chur i bhfeidhm ar luachanna deiridh ídithe fuinnimh, fachtóirí a athraíonn ag brath ar an gcineál breosla atá i gceist.

Dhírigh leaganacha roimhe seo den tuarascáil seo suas go dtí an bhliain 2021 (agus an tuarascáil sin san áireamh) ar fhuinneamh príomha amháin toisc go ndearnadh sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2020 a rianú ar bhonn fuinnimh phríomha. Déantar sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a rianú ar an mbonn sin freisin.

Cuirtear sonraí fuinnimh deiridh agus príomha i láthair sa tuarascáil seo, agus cuirtear lipéad ar na táblaí agus na cairteacha go léir ag brath air cibé an fuinneamh deiridh nó fuinneamh príomha atá i gceist. Cuirtear an fuinneamh deiridh san áireamh ar mhaithe le léirmhíniú níos soiléire a thabhairt de na sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa, nuair a dhéantar iad a mheas in éineacht le sonraí ídithe fuinnimh.


### TÁBLA 1: ANAILÍS AR ÚSÁID FUINNIMH 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA

| | Ídiú fuinnimh deiridh | Ídiú fuinnimh phríomha | Iomlán $CO_2$ a bhaineann le fuinneamh | Caiteachas fuinnimh iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Fo-earnáil** | **GWh** | **GWh** | **$ktCO_2$** | **€M** |
| Státseirbhís | 231 | 337 | 61 | 34 |
| Comhlacht Stáit Tráchtála | 2,355 | 2,925 | 482 | 394 |
| Oideachas (gan Scoileanna ná BOOnna a áireamh) | 539 | 796 | 140 | 74 |
| Sláinte | 1,322 | 1,799 | 332 | 168 |
| Ceartas & Cosaint | 392 | 513 | 101 | 56 |
| Údaráis Áitiúla agus Seirbhísí Uisce | 1,452 | 2,287 | 389 | 246 |
| Comhlacht Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála | 289 | 414 | 78 | 46 |
| Scoileanna agus BOOnna | 588 | 816 | 152 | 79 |
| **Iomlán** | **7,168** | **9,888** | **1,736** | **1,097** |

11 Rinneadh na luachanna go léir a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo maidir le fuinneamh (GWh), caiteachas (€ milliúin) agus astaíochtaí GCT ($ktCO_2$) a shlánú. Tá miondifríochtaí slánaithe i gcuid de na sonraí táblacha.

12 Is astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh iad na sonraí uile maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.

**FÍOR 3: ANAILÍS AR ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA**




- Státseirbhís
- Comhlacht Stáit
- Tráchtála
- Oideachas (gan Scoileanna ná BOOnna a áireamh)
- Sláinte
- Ceartas agus Cosaint
- Údaráis Áitiúla & Seirbhísí Uisce
- Comhlacht Stáit/Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála
- Scoileanna & BOOnna

## 3.2 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir cineál fuinnimh

Tugtar anailís ar ídiú deiridh fuinnimh 2022, ar ídiú fuinnimh phríomha 2022, agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa 2022 de réir cineál fuinnimh i dTábla 2. Léirítear an anailís sin freisin i bhFíor 4 (fuinneamh deiridh), i bhFíor 5 (fuinneamh príomha), agus i bhFíor 6 (astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh).

Cé go léiríonn na trí chairt anailísí atá mórán mar an gcéanna, tá roinnt difríochtaí suntasacha eatarthu:


- B'ionann leictreachas agus aon trian den ídiú deiridh fuinnimh in 2022, ach b'ionann é agus 45% den fhuinneamh príomha agus 45% d'astaíochtaí GCT. An chúis atá leis seo ná go raibh an méid fuinnimh phríomha a theastaigh chun meánaonad fuinnimh deiridh a sholáthar agus méid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid fuinnimh deiridh níos airde go comhréireach don leictreachas ná mar a bhí i gcás cineálacha eile fuinnimh. Is amhlaidh atá an scéal i gcás an leictreachais le blianta fada anuas. Mar sin féin, tá déine fuinnimh phríomha agus déine gás ceaptha teasa an leictreachais ag dul i laghad go ginearálta ó dheireadh na 1990idí i leith agus táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh de réir mar a dhéanann Éire a córas leictreachais a dhícharbónú chun spriocanna aeráide 2030, agus na spriocanna a leagtar síos ina dhiaidh sin, a bhaint amach.
- Chuimsigh teas in-athnuaite agus breoslaí iompair in-athnuaite 10% den ídiú deiridh fuinnimh in 2022; ach ós rud é nach n-eascraíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa as a n-úsáid, ní chuirtear iad san áireamh sna hastaíochtaí a léirítear i bhFíor 6.
- Chuimsigh ola (breoslaí iompair agus olaí téimh) 32% den ídiú deiridh fuinnimh agus 34% d'astaíochtaí GCT in 2022. Mar sin féin, cé gcur chuimsigh gás nádúrtha 23% den ídiú, níor chuimsigh na hastaíochtaí a d'eascair uaidh ach 20%. An chúis atá leis seo ná go n-eascraíonn níos mó astaíochtaí in aghaidh an aonaid fuinnimh as olaí díosail agus téimh a úsáid ná mar a n-eascraíonn as gás nádúrtha.

Tá déine fuinnimh phríomha agus déine gás ceaptha teasa an leictreachais ag dul i laghad go ginearálta ó dheireadh na 1990idí i leith agus táthar ag súil go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh de réir mar a dhéanann Éire a córas leictreachais a dhícharbónú chun spriocanna aeráide do 2030, agus na spriocanna a leagtar síos ina dhiaidh sin, a bhaint amach


## TÁBLA 2: ANAILÍS AR AN ÚSÁID FUINNIMH 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA

| Fo-earnáil | Ídiú deiridh fuinnimh GWh | Ídiú fuinnimh phríomha GWh | Iomlán $CO_2$ a bhaineann le fuinneamh $ktCO_2$ |
|---|---|---|---|
| Leictreachas | 2,368 | 4,470 | 773 |
| Gás nádúrtha | 1,672 | 1,919 | 342 |
| LPG | 98 | 113 | 22 |
| Olaí téimh | 462 | 534 | 121 |
| Breoslaí iontaise soladacha | 0 | 0 | 0 |
| Teas in-athnuaite | 673 | 767 | – |
| Breoslaí iompair (iontaise) | 1,819 | 2,001 | 478 |
| Breoslaí iompair (in-athnuaite) | 76 | 84 | – |
| **Iomlán** | **7,168** | **9,888** | **1,736** |


## FÍOR 5: ANAILÍS AR AN ÍDIÚ FUINNIMH PHRÍOMHA 2022 DE RÉIR CINEÁL FUINNIMH




## FÍOR 4: ANAILÍS AR AN ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH 2022 DE RÉIR CINEÁL FUINNIMH




## FÍOR 6: ANAILÍS AR NA HASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ IN 2022 A BHAINEANN LE FUINNEAMH DE RÉIR CINEÁL FUINNIMH




## 3.3 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir úsáid deiridh

Tugtar anailís sa bhreis ar ídiú deiridh fuinnimh, ídiú fuinnimh phríomha agus astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2022 i dTábla 3. Déantar an anailís ar an ídiú deiridh fuinnimh de réir úsáid deiridh – 7,168 GWh – a thaispeáint i bhFíor 7 freisin. Níl an anailís seo cinntitheach mar, murab ionann agus gach anailís eile a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo, níl sí bunaithe ar shonraí a thuairiscigh comhlachtaí poiblí agus scoileanna[13] go díreach do SEAI.

San iomlán, d'ídigh foirgnimh 45-50% den fhuinneamh[14], agus d'ídigh córais iompair 28%.

### FÍOR 7: ANAILÍS AR AN ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH 2022 DE RÉIR ÚSÁID DEIRIDH




### TÁBLA 3: ANAILÍS AR ÚSÁID FUINNIMH 2022 DE RÉIR ÚSÁID DEIRIDH

| Anailís de réir úsáide | Ídiú deiridh fuinnimh GWh | Ídiú fuinnimh phríomha GWh | Iomlán $CO_2$ a bhaineann le fuinneamh ktCO2 |
|---|---|---|---|
| Foirgnimh oifige | 461 | 712 | 132 |
| Foirgnimh cúraim sláinte | 1,211 | 1,675 | 317 |
| Foirgnimh scoile | 522 | 803 | 155 |
| Foirgnimh tríú leibhéal & foirgnimh oideachais eile | 497 | 659 | 121 |
| Foirgnimh eile nó foirgnimh anaithnid | 515 | 752 | 137 |
| Téamh (feidhm anaithnid) | 160 | 290 | 34 |
| Soilsiú poiblí | 179 | 341 | 64 |
| Seirbhísí uisce | 576 | 888 | 177 |
| Próisis thionsclaíocha & feidhmeanna speisialaithe | 832 | 1,117 | 87 |
| Leictreachas (feidhm anaithnid) | 222 | 387 | – |
| Iompar d'iarnród | 534 | 657 | 141 |
| Iompar de mhuir | 87 | 96 | 23 |
| Aeriompar | 43 | 47 | 11 |
| Gléasra agus innealra | 130 | 143 | 33 |
| Iompar de bhóthar | 1,198 | 1,318 | 303 |
| **Iomlán** | **7,168** | **9,888** | **1,736** |

13 Ní cheanglaítear ar chomhlachtaí poiblí ná ar scoileanna anailís chuimsitheach ar ídiú fuinnimh de réir úsáid deiridh a chur ar fáil ina dtuarascálacha. Dá bhrí sin, ní féidir anailís chinntitheach maidir le húsáid deiridh a ríomh go díreach ó na sonraí tuairiscithe. Tá an briseadh síos a chuirtear ar fáil i dTábla 3 agus i bhFíor 7 bunaithe ar aicmiú méadair leictreachais agus gáis a thuairiscíonn eagraíochtaí ag úsáid modheolaíocht chionroinnte úsáid deiridh fuinnimh, ina chuimsítear toimhdí bunaithe ar phatrúin aitheanta úsáide deiridh fuinnimh d'fho-earnálacha agus do chineálacha fuinnimh ar leith.

14 Le chéile, chuimsigh na cúig chatagóir foirgneamh a thaispeántar i dTábla 3 agus i bhFíor 7 45% den ídiú. Cuireadh sciar anaithnid den úsáid téimh agus leictreachais a rangaítear thuas mar 'fheidhm anaithnid' (arb ionann é agus 5% sa bhreis) san áireamh leis figiúirí do na foirgnimh sin freisin.

## 3.4 Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí de réir fo-earnála agus modha

Léirítear na patrúin ídithe fuinnimh sna fo-earnálacha éagsúla i dTábla 4 agus i bhFíor 8.

Léirítear na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as ídiú fuinnimh sna fo-earnálacha seo i dTábla 5 agus i bhFíor 9.


### TÁBLA 4: ANAILÍS AR ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA

| | Ídiú deiridh fuinnimh | | |
|---|---|---|---|
| | Teirmeach | Iompar | Leictreachas |
| Fo-earnáil | GWh | GWh | GWh |
| Státseirbhís | 88 | 43 | 99 |
| Comhlacht Stáit Tráchtála | 696 | 1,255 | 404 |
| Oideachas (gan Scoileanna ná BOOnna a áireamh) | 297 | 7 | 235 |
| Sláinte | 851 | 95 | 376 |
| Ceartas & Cosaint | 134 | 164 | 95 |
| Údaráis Áitiúla agus Seirbhísí Uisce | 371 | 223 | 858 |
| Comhlacht Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála | 68 | 106 | 115 |
| Scoileanna agus BOOnna | 401 | 2 | 184 |
| **Iomlán** | **2,905** | **1,895** | **2,368** |


### TÁBLA 5: ANAILÍS AR ASTAÍOCHTAÍ GCT 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA

| | GCT | | |
|---|---|---|---|
| | Teirmeach | Iompar | Leictreachas |
| Fo-earnáil | $ktCO_2$ | $ktCO_2$ | $ktCO_2$ |
| Státseirbhís | 18 | 11 | 33 |
| Comhlacht Stáit Tráchtála | 32 | 319 | 131 |
| Oideachas (gan Scoileanna ná BOOnna a áireamh) | 62 | 2 | 76 |
| Sláinte | 185 | 23 | 123 |
| Ceartas & Cosaint | 29 | 42 | 31 |
| Údaráis Áitiúla agus Seirbhísí Uisce | 55 | 54 | 280 |
| Comhlacht Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála | 14 | 27 | 38 |
| Scoileanna agus BOOnna | 91 | 1 | 60 |
| **Iomlán** | **485** | **478** | **773** |

### FÍOR 8: ANAILÍS AR AN ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA & MODHA





### FÍOR 9: ANAILÍS AR ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA 2022 DE RÉIR FO-EARNÁLA & MODHA



## 3.5 Príomh-thomhaltóirí fuinnimh

Ar an iomlán, ba é 3,926 GWh an t-ídiú deiridh fuinnimh iomlán in 2022 a rinne na deich dtomhaltóirí fuinnimh is mó; nó 55% den ídiú iomlán tuairiscithe. D'ídigh an 100 tomhaltóir fuinnimh is mó a thuairiscigh 88% den iomlán a tuairiscíodh.

### FÍOR 10: NA HÚSÁIDEOIRÍ FUINNIMH IS MÓ (ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH)





## 3.6 Athrú ar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí ó bhí 2021 ann

Ar an iomlán, tháinig laghdú 51 GWh, nó 1%, ar an ídiú deiridh fuinnimh san earnáil phoiblí idir 2021 agus 2022, agus tháinig laghdú 4% ar an ídiú fuinnimh theirmigh. Os a choinne sin, tháinig méadú 1% ar ídiú leictreachais agus iompair araon. Tháinig sé seo sna sála ar mhéadú 3% ar ídiú idir 2020 agus 2021, mar thoradh, i bpáirt ar a laghad, ar an athbhorradh a tháinig faoin éileamh tar éis an maolú a rinneadh ar roinnt srianta COVID-19[15].

Léirítear i bhFíor 11 na hathruithe ar ídiú deiridh leictreachais, teirmeach agus iompair idir 2021 agus 2022, arna mbriseadh síos de réir fo-earnála. Ar an iomlán, tháinig laghdú ar an ídiú deiridh fuinnimh i gceithre cinn de na hocht bhfo-earnáil agus mhéadaigh sé sna ceithre fho-earnáil eile.

> Tháinig laghdú 1% ar an ídiú deiridh fuinnimh ar fud na hearnála poiblí idir 2021 agus 2022

### FÍOR 11: ATHRÚ AR ÍDIÚ DEIRIDH FUINNIMH 2021-2022





15 Cé gur tháinig laghduithe ar úsáid fuinnimh i bhformhór na gcomhlachtaí poiblí de bharr COVID-19, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndeachaigh an phaindéim i bhfeidhm ar na príomhspreagthaí a bhaineann le húsáid fuinnimh ar bhealaí éagsúla in eagraíochtaí éagsúla.

Tháinig laghdú freisin ar astaíochtaí gás ceaptha teasa idir 2021 agus 2022, tháinig laghdú 3% ar astaíochtaí teirmeacha, agus tháinig méadú 1% ar astaíochtaí iompair. Cé gur tháinig méadú 1% ar ídiú leictreachais, tháinig laghdú 7% ar astaíochtaí leictreachais mar gheall ar dhéine astaíochtaí chóras leictreachais na hÉireann a laghdaigh 8% idir 2021 agus 2022[16]. Le chéile, tháinig laghdú 1% ar astaíochtaí teirmeacha agus iompair – nó astaíochtaí $CO_2$ iontaise.

Léirítear i bhFíor 12 na hathruithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a d'eascair as ídiú leictreachais, teirmeach agus iompair idir 2021 agus 2022 sna fo-earnálacha éagsúla. Tháinig laghdú ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise i ngach fo-earnáil seachas sna húdaráis áitiúla & seirbhísí uisce, comhlachtaí stáit neamhthráchtála / gníomhaireachtaí stáit agus sna scoileanna & BOOanna. Tháinig laghdú ar astaíochtaí leictreachais agus ar astaíochtaí iomlána i ngach fo-earnáil seachas san earnáil oideachais agus sna scoileanna & BOOanna.

Cé gur tháinig méadú 7% ar ídiú leictreachais, tháinig laghdú 1% ar astaíochtaí leictreachais mar gheall ar dhéine astaíochtaí chóras leictreachais na hÉireann a laghdaigh 8% idir 2021 agus 2022

## FÍOR 12: ATHRÚ AR GCTANNA 2021-2022




16 Tháinig an laghdú 8% sin sna sála ar mhéadú 19% idir 2020 agus 2021.


# 4. Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh

## 4.1 Dul chun cinn i dtreo sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030

32.5% an feabhas iomlán ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2022 sna comhlachtaí poiblí agus sna scoileanna araon a chuir tuarascálacha iomlána isteach[17]. Is é seo an príomhtháscaire a úsáidtear chun feidhmíocht na hearnála a rianú i gcomparáid leis an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh '50 % faoi 2030'. Is ionann an feabhas seo agus 4,627 GWh d'ídiú fuinnimh phríomha seachanta[18].

Rianaíonn an graf i bhFíor 13 an coigilteas iomlán a baineadh amach gach bliain ó 2009 i gcomparáid le sprioc 2030[19]. Léiríonn sé gur feabhsú é an toradh seo don bhliain 2022 (32.5%) ar an toradh a fuarthas in 2021 (31.5%).

### FÍOR 13: FEABHSÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH




## 4.2 Éifeachtúlacht fuinnimh de réir fo-earnála

Leagtar amach i dTábla 6 an anailís ar an ídiú fuinnimh seachanta (príomha) agus an feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh i ngach fo-earnáil de réir céatadáin. Léiríonn an barrachairt i bhFíor 14 an coigilteas de réir céatadáin do gach fo-earnáil.

### TÁBLA 6: DUL CHUN CINN I DTREO SPRIOC ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH DE RÉIR FO-EARNÁLA


| | Ídiú fuinnimh seachanta (príomha) | Athrú sa táscaire feidhmíochta fuinnimh | Bearna chomh fada leis an sprioc |
|---|---|---|---|
| **Fo-earnáil** | **GWh** | **%** | **%** |
| Státseirbhís | 277 | -45% | -5% |
| Comhlacht Stáit Tráchtála | 1,409 | -33% | -17% |
| Oideachas (gan Scoileanna ná BOOnna a áireamh) | 531 | -40% | -10% |
| Sláinte | 530 | -23% | -27% |
| Ceartas & Cosaint | 193 | -27% | -23% |
| Údaráis Áitiúla agus Seirbhísí Uisce | 1,205 | -37% | -13% |
| Comhlacht Stáit / Gníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála | 351 | -48% | -2% |
| Scoileanna agus BOOnna | 132 | -14% | -36% |
| **Iomlán** | **4,627** | **-33%** | **-17%** |

17 Cuimsíonn ríomh na dtorthaí seo coigeartuithe ar ídiú gnó mar is gnách údaráis áitiúla, ag cur san áireamh aistriú na seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann.

18 Arna ríomh trí ídiú fuinnimh phríomha iarbhír gach eagraíochta in 2022 a dhealú óna ídiú fuinnimh phríomha gnó mar is gnách. Is ionann an t-ídiú 'gnó mar is gnách' agus an méid a bheadh ídithe ag gach comhlacht poiblí in 2022 mura mbeadh na gnóthachain éifeachtúlachta tuairiscithe i gcomparáid leis an mbonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh bainte amach acu.

19 Cuireann an chairt seo, agus cairteacha eile mar í atá sa tuarascáil seo, feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh i láthair mar laghduithe ar tháscaire feidhmíochta fuinnimh, i.e. léiríonn luachanna diúltacha coigilteas. Tugadh an gnás seo isteach ó thuarascáil 2022 i leith. Ghlac na leaganacha den tuarascáil a bhí ann roimhe seo lena mhalairt de ghnás. Cuirtear feabhsuithe i láthair mar luachanna diúltacha chun léirmhíniú níos soiléire a thabhairt do na torthaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, nuair a dhéantar iad a ríomh in éineacht leis an gcoigilteas astaíochtaí gás ceaptha teasa a thaispeántar in áiteanna eile sa tuarascáil. Déantar an coigilteas ar astaíochtaí a léiriú mar laghduithe.

## FÍOR 14: ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH DE RÉIR FO-EARNÁLA



# 5. Spriocanna Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

## 5.1 Dhá sprioc le haghaidh 2030

B'ionann an t-ídiú fuinnimh a tuairiscíodh don earnáil phoiblí don bhliain 2022 agus 1,736 kt$CO_2$ d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh. B'ionann sin agus 963 kt$CO_2$ d'astaíochtaí $CO_2$ iontaise agus 773 kt$CO_2$ d'astaíochtaí leictreachais.

Tá dhá sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 ag gach eagraíocht san earnáil phoiblí – sprioc $CO_2$ iontaise agus sprioc iomlán $CO_2$. Déantar achoimre ar an dá sprioc sin sa bhosca téacs.

## 5.2 Dul chun cinn i dtreo na sprice $CO_2$ iontaise a bhaint amach

Léirítear i bhFíor 15 an leibhéal astaíochtaí $CO_2$ iontaise iarbhír a bhí ag an earnáil ó bhí 2013 ann, idir astaíochtaí teirmeacha agus astaíochtaí iompair. Is beag athrú atá tagtha ar phróifíl na n-astaíochtaí ó 2013 i leith.

Léirítear sa chairt freisin an bhonnlíne astaíochtaí $CO_2$ iontaise a ríomhtar don earnáil, arb ionann í agus 1,002 kt$CO_2$. Ar an mbonn sin, ní mór don earnáil phoiblí a hastaíochtaí $CO_2$ iontaise a laghdú faoi 511 kt$CO_2$ ón mbonnlíne chun sprioc 2030 de 491 kt$CO_2$[20] a bhaint amach. Faoi 2022, ní raibh ach laghdú 39 kt$CO_2$ ón mbonnlíne, nó 4%, tagtha ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise na hearnála poiblí.

> Ní mór don earnáil phoiblí a hastaíochtaí $CO_2$ iontaise a laghdú faoi 511 kt$CO_2$ ón mbonnlíne chun sprioc 2030 de 491 kt$CO_2$ a bhaint amach. Faoi 2022, ní raibh ach laghdú 39 kt$CO_2$ ón mbonnlíne, nó 4%, tagtha ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise na hearnála poiblí

### Spriocanna 2030 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa – príomhphointí modheolaíochta

- Tá dhá sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí leagtha síos ag gach eagraíocht san earnáil phoiblí don bhliain 2030.
- Ríomhtar an dá sprioc sin ar bhonn dearbhlaghduithe ar astaíochtaí ó thréimhse bhonnlíne gás ceaptha teasa na heagraíochta, i.e. ní dhéantar aon choigeartú d'athruithe ar an leibhéil ghníomhaíochta, d'athruithe san acmhainn, sa struchtúr eagraíochtúil, sa leibhéil seirbhíse nó sa déimeagrafaic.
- Is í 2016-2018 an tréimhse bhonnlíne don dá sprioc astaíochtaí (meán).
- Baineann an chéad sprioc le hastaíochtaí iontaise na heagraíochta: ní foláir do gach eagraíocht a hastaíochtaí $CO_2$ iontaise a laghdú 51% faoi 2030.
- Baineann an dara sprioc le hastaíochtaí iomlána na heagraíochta a bhaineann le fuinneamh: is ionann sprioc iomlán $CO_2$ gach eagraíochta do 2030, i dtonaí, agus a sprioc $CO_2$ iontaise do 2030 móide a hastaíochtaí leictreachais ag an mbonnlíne gás ceaptha teasa, lúide an laghdú réamh-mheasta ar astaíochtaí leictreachais ó thaobh an tsoláthair faoi 2030, i dtonaí.


Cuirtear bonnlínte agus spriocanna astaíochtaí gach comhlachta poiblí san áireamh in alt 6[21]. Tá na ríomhanna atá mar bhonn ag spriocanna gach comhlachta poiblí, agus na cairteacha míniúcháin a ghabhann leo, ar fáil tríd an gcóras M&R.

Déantar cur síos mionsonraithe ar an modheolaíocht seo i dtreoirdhoiciméad modheolaíochta M&R – 2030 SEAI .

20 Tá na ríomhanna bonnlíne agus sprice seo bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh do SEAI le linn thimthriall tuairiscithe 2022. Tá difríochtaí beaga le brath iontu ó na luachanna a cuireadh i láthair i dtuarascáil 2022, luachanna a bhí bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do SEAI le linn thimthriall tuairiscithe 2021. Déanfar na luachanna ríofa a bheachtú tuilleadh de réir mar a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.


21 Ní thaispeántar astaíochtaí scoileanna sa chairt seo.

## FÍOR 15: $CO_2$ IONTAISE – ASTAÍOCHTAÍ Ó BHÍ 2013 ANN, BONNLÍNE & SPRIOC




Léirítear dáileadh na n-athruithe ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise ón mbonnlíne gás ceaptha teasa i bhFíor 16. Laghdaigh 200 den 345 comhlacht poiblí a thuairiscigh sonraí don SEAI[21] a n-astaíochtaí faoi 2022, agus mhéadaigh 110 acu a n-astaíochtaí. Ní raibh astaíochtaí neamh-leictreachais ar bith ag 35 comhlacht poiblí ag an mbonnlíne gás ceaptha teasa [22].


## FÍOR 16: CO IONTAISE2 – DÁILEADH NA N-ATHRUITHE ÓN MBONNLÍNE GCT




22 De ghnáth is eagraíochtaí oifigbhunaithe beaga iad seo nach n-úsáideann leictreachas ach le haghaidh téimh, srl.

Léirítear dul chun cinn gach fo-earnála i dtreo sprioc $CO_2$ iontaise a bhaint amach i bhFíor 17 mar athrú céatadáin ar a $CO_2$ iontaise ón mbonnlíne gás ceaptha teasa. Léiríonn an figiúr sin freisin an sciar coibhneasta d'astaíochtaí 2022 a bhaineann le gach fo-earnáil ar leith.

### FÍOR 17: DUL CHUN CINN I DTREO NA SPRICE $CO_2$ IONTAISE A BHAINT AMACH




## 5.3 Dul chun cinn i dtreo na sprice astaíochtaí iomláine a bhaint amach


Cuimsíonn an dara sprioc i leith astaíochtaí an leictreachais agus astaíochtaí iontaise. Léirítear i bhFíor 18 na hastaíochtaí iomlána iarbhír ó bhí 2013 ann, arna mbriseadh síos de réir astaíochtaí leictreachais, teirmeacha agus iompair. Baineann an laghdú seo ó bhí 2013 ann go príomha le dícharbónú sholáthar leictreachais na hÉireann, i.e. mar gheall go bhfuil an córas leictreachais tar éis éirí 'níos glaine' sa tréimhse idir an bhonnlíne agus 2022.

Is é 2,098 kt$CO_2$ an bhonnlíne iomlán astaíochtaí $CO_2$ a ríomhtar don earnáil. Ar an mbonn sin, ní mór don earnáil phoiblí a hastaíochtaí iomlána a laghdú 1,372 kt$CO_2$, nó thart ar 65%[23], ón leibhéal bonnlíne chun a sprioc iomlán $CO_2$ de 726 kt$CO_2$ a bhaint amach faoi 2030. Tá SEAI ag súil go mbeidh laghdú 861 kt$CO_2$ ann idir an bhonnlíne agus 2030[24] mar gheall ar an dícharbónú ar thaobh an tsoláthair leictreachais. Faoi 2022, tháinig laghdú 362 kt$CO_2$ ar astaíochtaí iomlána na hearnála ón mbonnlíne – laghdú 17%.

23 Is ionann seo agus an laghdú comhiomlán céatadáin don earnáil phoiblí ar fad. Braitheann an laghdú céatadáin a theastaíonn ó gach eagraíocht san earnáil phoiblí chun a sprioc iomlán astaíochtaí a bhaint amach ar a húsáid fuinnimh ag an mbonnlíne gás ceaptha teasa. Tá ríomhanna bonnlíne agus sprice gach eagraíochta ar fáil tríd an gcóras M&R.

24 Measann SEAI go bhféadfaí líonra leictreachais na hÉireann a dhícharbónú 79% idir 2016-18 (meán) agus 2030 – agus deireadh á chur de réir a chéile le cumhacht a ghiniúint as breoslaí iontaise.

## FÍOR 18: IOMLÁN NA N-ASTAÍOCHTAÍ $CO_2$ IONTAISE – ASTAÍOCHTAÍ Ó BHÍ 2013 ANN, BONNLÍNE & SPRIOC





Léirítear dul chun cinn gach fo-earnála i dtreo sprioc $CO_2$ iontaise a bhaint amach i bhFíor 19 mar athrú céatadáin ar a hastaíochtaí $CO_2$ iontaise ón mbonnlíne gás ceaptha teasa. Léiríonn an figiúr sin freisin an sciar coibhneasta d'astaíochtaí 2022 a bhaineann le gach fo-earnáil ar leith.

Ní hionann an laghdú céatadáin a theastaíonn ó gach fo-earnáil chun a sprioc iomlán $CO_2$ a bhaint amach.

Braitheann an céatadán ar na cineálacha fuinnimh a úsáideann gach fo-earnáil ag an mbonnlíne gás ceaptha teasa. Is ionann sin agus a rá gur féidir le fo-earnálacha a bhfuil ídiú fuinnimh leictreachais ón mbonnlíne níos airde acu a bheith ag súil leis go mbainfidh siad tairbhe as laghduithe níos mó ar astaíochtaí ó thaobh an tsoláthair de ná a bhainfidh na fo-earnálacha a úsáideann cion níos airde de bhreoslaí iontaise, agus vice versa[25].

## FÍOR 19: DUL CHUN CINN I DTREO NA SPRICE $CO_2$ IONTAISE IOMLÁINE A BHAINT AMACH




25 Tá feidhm ag an bprionsabal seo freisin maidir le ríomh spriocanna d'eagraíochtaí aonair san earnáil phoiblí.


## 5.4 Taisteal gnó

Sáraíonn an t-ídiú fuinnimh a bhaineann le taisteal gnó[26] scóip sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030 agus spriocanna astaíochtaí 2030. É sin ráite, tá sé de cheangal ar chomhlachtaí poiblí sonraí bliantúla maidir le taisteal gnó a thuairisciú don SEAI ón mbliain 2021 i leith.

Tá na sonraí a chuirtear i láthair i gcuid 5.4 den tuarascáil seo bunaithe ar thuarascálacha a fuarthas ó 305 comhlacht poiblí.


San iomlán, thuairiscigh na comhlachtaí poiblí seo go raibh os cionn 130 milliún ciliméadar de thaisteal gnó déanta ag feithiclí príobháideacha bóthair in 2022. Tugtar anailís i bhFíor 20 ar an taisteal seo de réir fo-earnála.

### FÍOR 20: ANAILÍS DE RÉIR EARNÁLA AR THAISTEAL GNÓ TRÍ MHODH FEITHICIL BHÓTHAIR PHRÍOBHÁIDEACH




Thuairiscigh an 305 comhlacht poiblí 58,877 deighleog eitilte aonair in 2022 freisin. Tugtar anailís i bhFíor 21 ar an taisteal seo de réir fo-earnála.

### FÍOR 21: ANAILÍS DE RÉIR EARNÁLA AR THAISTEAL GNÓ AR EITLEÁN





Iarradh chomh maith ar chomhlachtaí poiblí sonraí a thuairisciú faoi líon na gciliméadar a thaistil modhanna éagsúla iompair tráchtála agus poiblí in 2022. Murab ionann agus sonraí maidir le taisteal feithiclí bóthair príobháideacha agus aerlínte tráchtála, a dhéanann comhlachtaí poiblí taifead orthu de ghnáth chun críocha eile[27], de ghnáth ní bhíonn rochtain éasca ag eagraíochtaí ar shonraí maidir leis an achar a thaistealaíonn modhanna iompair eile. Aithníonn SEAI go bhfuil comhbhabhtáil ann idir an leibhéal iarrachta a theastaíonn chun na sonraí seo a bhailiú agus luach na sonraí sin. Moltar do chomhlachtaí poiblí díriú ar shonraí iontaofa a bhailiú maidir le modhanna iompair tráchtála agus poiblí ar dhócha iad a bheith níos ábhartha maidir le hastaíochtaí taisteal gnó a n-eagraíochta. Ar an gcúis sin, creideann SEAI gur dócha go mbeidh na sonraí a thuairiscigh na 305 comhlacht poiblí maidir le taisteal ar mhodhanna iompair tráchtála agus poiblí in 2022 ina meastachán neamhdhóthanach den taisteal iarbhír.

26 Tarlaíonn taisteal gnó nuair a thaistealaíonn daoine ó áit oibre amháin go háit oibre eile mar chuid dá ndualgais oibre. Ní hionann é agus an taisteal a dhéantar ón mbaile chuig an ngnátháit oibre agus ar ais, i.e. an chomaitéireacht. Is ionann seo agus taisteal príobháideach agus ní ghlactar leis gur turas gnó atá ann.

27 Mar shampla, coinnítear taifid ar an achar a thaistealaíonn feithicil bhóthair phríobháideach ar mhaithe le speansais foirne a aisíoc.


Tugtar anailís i bhFíor 22 ar an taisteal a tuairiscíodh do gach fo-earnáil, i gciliméadair de réir paisinéirí.

### FÍOR 22: ANAILÍS DO GACH EARNÁIL AR THAISTEAL GNÓ DE RÉIR MODHANNA IOMPAIR TRÁCHTÁLA & POIBLÍ




Tugtar anailís i bhFíor 23 ar na sonraí céanna de réir modh iompair poiblí.

### FÍOR 23: ANAILÍS SÍOS DO GACH EARNÁIL AR THAISTEAL GNÓ DE RÉIR MODHANNA IOMPAIR TRÁCHTÁLA & POIBLÍ



# Ag Déanamh Dul Chun Cinn

Léiríonn na sonraí a cuireadh isteach an coigilteas a baineadh amach trí na mílte beart éifeachtúlachta a chur i bhfeidhm. Thug 22% de na bearta a tuairiscíodh aghaidh ar shoilsiú, bhain 12% acu le tionscadail téimh, 9% le creatlach tógála a uasghrádú, agus 12% le feabhsuithe struchtúrtha bainistíochta fuinnimh. Ba thionscadail i scoileanna an 23% eile acu. Níl sna tionscadail a léirítear ar na leathanaigh seo ach sampla den 5,600 tionscadal a tuairiscíodh do SEAI in 2022. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar leibhéal ginearálta an tuairiscithe tionscadail, tá go leor de na bearta fós ar scála réasúnta beag.



## 5,530,000 kWh


### Iarfheistiú Theaschaidéil Chóras Téimh Ceantair (DHS) Belfield UCD

Soláthraíonn DHS Belfield UCD fuinneamh do 11 fhoirgneamh ar an gcampas. Rinneadh uasghrádú ar an gcóras le himeacht ama ó mhóin go hola, go fearas gásadhainte (CHP). Cuimsíonn Ionad Fuinnimh an champais coire bithmhaise 900 kW freisin, agus dhá choire comhdhlúthaithe gásadhainte. Mar chuid de straitéis dícharbónaithe UCD tá sé beartaithe an t-éileamh teirmeach a laghdú trí fhoirgnimh a iarfheistiú mar aon le deireadh á chur de réir a chéile le fuinneamh teirmeach a ghiniúint as breoslaí iontaise. Sa tionscadal Pathfinder seo rinneadh teaschaidéal le soláthar aeir hidreacarbóin 1 MW dhá chéim a chomhtháthú san Ionad Fuinnimh. Feidhmíonn an teaschaidéal anois mar phríomhghléasra, agus ina dhiaidh sin tá an coire bithmhaise agus an CHP. Ní úsáidtear na coirí gáis anois ach le tacú le buaicéileamh teasa. Táthar ag súil go sábhálfaidh an tionscadal breis agus 5,530,000 kWh d'fhuinneamh, arb ionann é agus laghdú 800 tona ar astaíochtaí $CO_2$ in aghaidh na bliana.

## 844 $tCO_2$

### Cósta Thuaidh an Atlantaigh – Biúró Réigiúnach Fuinnimh

D'aithin 5 údarás áitiúil atá lonnaithe i Réigiún Chósta Thuaidh an Atlantaigh easpa acmhainní mar bhac ar na sprioc-anna a bhaint amach. Sainaithníodh saineolas tiomnaithe speisialaithe, bainistíocht struchtúrtha fuinnimhagus straitéis infheistíochta leanúnach mar phríomhriachtanais. Chuir Clár Pathfinder SEAI maoiniú 50% ar fáil chun Biúró Fuinnimh réigiúnach a bhunú, le Comhairle Contae Mhaigh Eo ag feidhmiú mar phríomhúdarás áitiúil. Ceapadh Bainisteoir Réigiúnach agus 5 Oifigeach Fuinnimh (Duine amháin in aghaidh gach Údarás Áitiúil) chun oibriú in éineacht le gach Foireann Fuinnimh Údaráis Áitiúil. Díríodh ar dtús ar anailís a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus ar astaíochtaí i ngach Údarás Áitiúil, anailís 'Bearna chomh fada leis an Sprioc' a chur i gcrích agus Clár Deiseanna agus plean tionscadail a fhorbairt do gach Údarás Áitiúil. Mar thoradh air sin, tá sé beartaithe 15 thionscadal iarfheistithe i bhfoirgnimh údaráis áitiúla a chur i gcrích in 2024 le meastachán ar chostas €6.7 milliún agus coigilteas carbóin ríofa de 844 $tCO_2$. Feidhmeoidh an Biúró mar aonad forfheidhmithe tionscadail a chuirfidh i gcrích na tionscadail seo chomh maith le tionscadail mhóra dícharbónaithe eile.



## 150,000 kWh

### Ospidéal na Trócaire

Chuir Ospidéal Ollscoile na Trócaire, Corcaigh, tionscadal díchoimisiúnúcháin ghléasra i gcrích chun caillteanas fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Rinneadh na seomraí gléasra ar fad a nascadh le chéile chun córas aontaithe a bhunú. Díchoimisiúnaíodh trí choire gáis bheaga, nach raibh chomh héifeachtúil, agus suiteáladh píobra nua le nascadh go díreach leis an ilseoladán príomhúil gan bacadh leis na seanchoirí. Sábháladh beagnach 150,000 kWh mar thoradh ar an tionscadal seo. Tar éis tomhais agus fíoraithe a dhéanamh, d'athinfheistigh an t-ospidéal luach na gcreidmheasanna fuinnimh a gnóthaíodh ina chlár cuimsitheach fuinnimh.



## 225,000 kWh

### Uasghrádú Soilsithe ag Dún Uí Choileáin faoi bhainistiú Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)

Ba dhún míleata Dún Uí Choileáin ar leagadh a bhunchloch i 1702. Úsáidtear an foirgneamh anois do thaispeántas Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla agus Stair. Cuireadh uasghrádú fairsing soilsithe i gcrích i Márta 2022 nuair a cuireadh feistiú LED in áit níos mó ná 800 feistiú solais ar fud an mhúsaeim. Mar gheall ar nádúr na dtaispeántas, d'oibrigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus conraitheoirí i ndlúthchomhar le coimeádaithe an mhúsaeim chun na leibhéil agus rialuithe soilsithe is fearr a dhearadh, a shonrú agus a shuiteáil, ar mhaithe le haeistéitic agus déantáin an mhúsaeim a chaomhnú. De bharr an tionscadail seo, cuireadh feabhas ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil sa mhúsaem, agus beidh coigilteas fuinnimh thart ar 225,000 kWh ann in aghaidh na bliana.



# 93,000 kWh

## Scoil Mhuire, Mainistir Laoise

Rinneadh iarfheistiú domhain ar Scoil Mhuire tríd an gclár Pathfinder. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích cuireadh isteach cuasbhalla pumpáilte, insliú seachtrach ballaí agus clúdach dín inslithe nua. Rinneadh doirse agus fuinneoga a athrú agus a fheabhsú maidir le haer-obacht. I measc na n-oibreacha meicniúla a cuireadh i gcrích bhí suiteáil teaschaidéil nua le soláthar aeir ón taobh amuigh agus suiteáil radaitheoirí nua, teirmeastat seomra agus córas BMS a sholáthraíonn leibhéil arda rialaithe ar fud an fhoirgnimh ar fad. Suiteáladh aerú meicniúil le haonaid aisghabhála teasa. Rinneadh na feistithe solais ar fad a athrú agus cuireadh isteach soilsiú LED le rialuithe feabhsaithe. Suiteáladh painéil fhótavoltacha gréine (PV) agus pointí luchtaithe feithiclí leictreacha freisin. Meastar go sábhálfar 93,000 kWh in aghaidh na bliana (feabhas éifeachtúlachta 87%) agus go mbeidh laghdú 22,190 kg$CO_2$ ar astaíochtaí (laghdú 77%) de bharr na n-athruithe seo. D'fheabhsaigh Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh ó D2 go B1.



# 2,339,000 kWh

## Ospidéal Muire, Páirc an Fhionnuisce

Bhí billí fuinnimh Ospidéal Muire, soláthraí cúram fadchónaithe agus cúram lae do dhaoine scothaosta, ag ardú as cuimse. Léirigh Suirbhé Iniúchta agus Bainistíochta Foirgníochta a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) deiseanna coigilte fuinnimh a bhain a go príomha le rialú agus le hoibriú an chórais téimh. Ghníomhaigh an t-ospidéal go tapa ar thorthaí an tsuirbhé seo trí thionscadal bunathraitheach Pathfinder a chur i bhfeidhm. Ag comhoibriú leis an bhFoireann Glas Fuinnimh, chuir Naomh Muire straitéisí éagsúla i bhfeidhm, lena n-áirítear athruithe iompraíochta, oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir le cleachtais atá comhfhiosach ó thaobh fuinnimh de, uasghrádú ar an gcóras bainistíochta foirgnimh (BMS), uasghrádú soilsithe, feabhsuithe ar chreatlach foirgneamh, uasghrádú caidéal, agus150 kW de PV gréine a shuiteáil. Mar thoradh ar an hiarrachtaí seasta seo bhí laghdú 703,500 kWh ar ídiú leictreachais agus 2,339,000 kWh ar ídiú gáis i gcomparáid le blianta roimhe sin. Agus, ar ndóigh, sábháladh go leor ó thaobh costais de agus feabhsaíodh compord na n-áititheoirí san ospidéal lena chois.

# Coigilteas fuinnimh 21%

## An tÚdarás Slándála Príobháidí (PSA) – Feachtas 'Reduce Your Use'

Ghlac PSA páirt sa tionscnamh Reduce Your Use a chuir an rialtas chun cinn in 2022. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm ag tabhairt aghaidh ar na réimsí ina úsáidtear a lán fuinnimh. Mar shampla, múchadh an téamh le linn am lóin agus casadh as go hiomlán é 1-2 uair an chloig roimh dhúnadh na bhfoirgneamh, socraíodh an teocht inmheánach go 19 gcéim, rinneadh barrfheabhsú ar phointí socraithe teochta uisce te chun cur amú a sheachaint. Ina theannta sin, cuireadh lipéad ar gach lasc soilsithe ag baint úsáide as córas múchta solais tráchta, agus cuireadh feachtas ar bun a dhírigh ar shoilse a mhúchadh i rith an lae. Cuireadh i gcrích Iniúchtaí rialta taobh amuigh d'Uaireanta Gnó. Spreag clinicí fuinnimh, laethanta feasachta fuinnimh, tráth na gceist fuinnimh foirne agus comórtas Bright Ideas an fhoireann chun páirt a ghlacadh sna feachtais i rith na tréimhse seo. Mar thoradh ar na hiarrachtaí seo ar fad, bhí laghdú 21% san úsáid fuinnimh an geimhreadh sin i gcomparáid le 2019.




# 780,000 kWh

## Leabharlann Eoin Pól II Ollscoil Mhá Nuad

Chuir Ollscoil Mhá Nuad tús le clár oibreacha i Leabharlann Eoin Pól II a raibh sé mar aidhm aige uasghrádú a dhéanamh ar Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh ó C3 go B2. I measc scóip thosaigh na n-oibreacha, le tacaíocht ón gclár Pathfinder, bhí athsholáthar coirí, téimh, aeraithe agus aerchóirithe (HVAC) agus chreatlach an dín. Mar thoradh ar an insliú dín nua a cuireadh isteach agus tiomántán luais inathraithe AHUanna, laghdaigh an éileamh teasa sa bhfoirgneamh. Rinneadh teaschaidéil nua le soláthar aeir ón taobh amuigh 85 kW a chur in áit na coirí 300-350 kW Uimh. 2 a bhí ann cheana, agus laghdaíodh an t-éileamh teasa thart ar 66% dá bharr. Is coirí gáis comhdhlúthaithe 125 kW Uimh. 2 a bhí mar thaca leis seo. Suiteáladh eagar fótavoltachais (PV) 10.9 kW ar an díon le cuid den éileamh méadaithe leictreachais a fhritháireamh. Táthar ag súil go sábhálfaidh an tionscadal breis agus 780,000 kWh d'fhuinneamh, arb ionann é agus laghdú 159 tona ar astaíochtaí $CO_2$ in aghaidh na bliana.



# 6. I dTreo 2030

## 6.1 Feidhmíocht grúpaí roinne

Léiríonn an anailís ar na sonraí a thuairiscigh 345 comhlacht poiblí agus 3,015 scoil gurb ionann an coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh bliantúil in 2022 agus gnóthachan éifeachtúlachta foriomlán de 32.5% ón mbonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh. Faoi 2022, tháinig laghdú 3.9% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa iontaise ón mbonnlíne gás ceaptha teasa, agus tháinig laghdú 17.3% ar astaíochtaí iomlána.

Léirítear i bhFíor 24 an suíomh ina raibh gach grúpa roinne in 2022 maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdú gás ceaptha teasa 2030.

### Mionsonraí breise

Cuirtear sonraí mionsonraithe breise ar fáil do na grúpaí roinne i bhformáid tábla in Aguisín 1.

**FÍOR 24: FEIDHMÍOCHT NA ROINNE I GCOMPARÁID LE SPRIOCANNA 2030**



## FÍOR 24: FEIDHMÍOCHT NA ROINNE I GCOMPARÁID LE SPRIOCANNA 2030 (AR LEAN)



## 6.2 Feidhmiú comhlachtaí poiblí

Tuigeann SEAI gur próiseas a tharlaíonn de réir a chéile próifíl fuinnimh agus astaíochtaí iomlán a chur ar fáil d'eagraíocht. Glacfaidh sé am ach is fearr a bheidh na comhlachtaí poiblí in ann sonraí a thuairisciú i gcaitheamh na mblianta. Tá an obair seo fós ag dul ar aghaidh.

Leanann SEAI ar aghaidh ag obair le comhlachtaí poiblí agus le scoileanna chun cáilíocht a gcuid sonraí a fheabhsú trí ábhar treorach, oiliúint agus seirbhísí tacaíochta saincheaptha a thabhairt dóibh.

Déantar na comhlachtaí poiblí agus na scoileanna a liostáil mar seo a leanas:

### Comhlachtaí poiblí (seachas scoileanna neamhspleácha)

Tá an 345[28] comhlacht poiblí a chuir tuairisc iomlán faoi bhráid SEAI roimh an spriocdháta liostaithe in ord aibítre in alt 6.2.1. Cuimsíonn an liosta na gnéithe seo a leanas:

- Ídiú fuinnimh an chomhlachta phoiblí in 2022 agus a thorthaí feidhmíochta fuinnimh do 2022. Cuirtear na torthaí feidhmíochta fuinnimh i láthair in éineacht leis na luachanna coigilte fuinnimh do gach bliain ó bhonnlíne éifeachtúlachta fuinnimh an chomhlachta phoiblí. Léiríonn sé seo a mhéid a d'fhéadfadh feidhmíocht gach comhlachta poiblí in 2022 claonadh ó threochtaí seanbhunaithe de bharr thionchar na paindéime.
- Astaíochtaí $CO_2$ iontaise an chomhlachta phoiblí ag an mbonnlíne GCT in 2022, a spriocluach do 2030 agus an t-athrú ar a leibhéal astaíochtaí $CO_2$ iontaise ón mbonnlíne[29]. Léirítear freisin an t-athrú bliantúil ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise do gach bliain ó bunaíodh bonnlíne GCT an chomhlachta phoiblí.
- Astaíochtaí $CO_2$ iontaise iomlána an chomhlachta phoiblí ag an mbonnlíne GCT in 2022, a spriocluach do 2030 agus an t-athrú ar a leibhéal astaíochtaí $CO_2$ iontaise ón mbonnlíne[29]. Léirítear freisin an t-athrú bliantúil ar astaíochtaí $CO_2$ iontaise iomlána do gach bliain ó bunaíodh bonnlíne GCT an chomhlachta phoiblí.
- Nótaí breise SEAI ar na sonraí a cuireadh isteach.

### Comhlachtaí poiblí nár thuairiscigh

Tá na comhlachtaí poiblí nár thuairiscigh liostaithe in ord aibítre in alt 6.2.2.

### Scoileanna neamhspleácha

Is ionann ídiú fuinnimh an 3,015 scoil neamhspleách a chuir tuairiscí iomlána faoi bhráid SEAI roimh an spriocdháta agus 6% den ídiú fuinnimh iomlán a tuairiscíodh. Tá siad liostaithe in iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo, atá ar fáil ag www.seai.ie/publicsectorreport.

### Mionsonraí breise

Foilsíonn SEAI sonraí fuinnimh na hearnála poiblí ar líne, lena n-áirítear sonraí mionsonraithe maidir le hídiú fuinnimh agus feidhmíocht ar leibhéal na heagraíochta, agus bunachar sonraí de thionscadail coigilte fuinnimh. Tá sé seo ar fáil ag www.seai.ie/publicsectorreport.

28 BOOanna san áireamh, seachas scoileanna neamhspleácha.

29 Tá na ríomhanna bonnlíne agus sprice seo bunaithe ar na sonraí a tuairiscíodh do SEAI le linn thimthriall tuairiscithe 2022. I gcásanna áirithe, tá difríochtaí beaga le brath iontu i gcomparáid leis na luachanna a cuireadh i láthair i dtuarascáil 2022, luachanna a bhí bunaithe ar shonraí a tuairiscíodh do SEAI le linn thimthriall tuairiscithe 2021. Déanfar na luachanna ríofa a bheachtú tuilleadh de réir mar a bheidh sonraí níos fearr ar fáil.

## 6.2.1. Comhlachtaí poiblí seachas scoileanna

### LIOSTA DE NA COMHLACHTAÍ POIBLÍ A THUAIRISCIGH

| | FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH FUINNIMH DE | | | | ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ídiú fuinnimh 2022 | | Táscaire feidhmíochta fuinnimh | | Astaíochtaí $CO_2$ iontaise | | | | Astaíochtaí iomlána $CO_2$ | | | |
| Comhlacht Poiblí | Leagan Deiridh GWh | Príomha GWh | Sprioc 2030 | Athrú ón mbonnlíne EE is déanaí a leagadh síos (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) |
| Amharclann na Mainistreach | 1.4 | 1.9 | -50% | -48% | 167.9 | 180.4 | 82.3 | +7% | 419.9 | 338.1 | 136.4 | -19% |
| Éirim an Iarthair | 2.4 | 3.3 | -50% | -2% | 417.3 | 423.2 | 204.5 | +1% | 613.4 | 660.2 | 245.8 | +8% |
| Údarás Uchtála na hÉireann | <0.1 | 0.2 | -50% | -72% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 37.4 | 26.9 | 8.0 | -28% |
| AHEAD | <0.1 | <0.1 | -50% | -37% | 0.9 | 0.8 | 0.4 | -4% | 1.9 | 1.5 | 0.6 | -22% |
| An Bord Pleanála | 0.4 | 0.8 | -50% | -55% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 215.0 | 142.6 | 46.2 | -34% |
| An Foras Teanga – Foras na Gaeilge | 0.4 | 0.6 | -50% | -58% | 46.6 | 50.1 | 22.8 | +7% | 193.2 | 113.3 | 54.7 | -41% |
| An Foras Teanga – Gníomhaireacht na hUltaise | <0.1 | <0.1 | -50% | -40% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 15.8 | 9.5 | 3.4 | -40% |
| An Garda Síochána | 134.3 | 180.0 | -50% | -31% | 24,763.1 | 23,041.5 | 12,133.9 | -7% | 41,865.7 | 35,335.4 | 15,801.3 | -16% |
| An Post | 120.7 | 148.1 | -50% | -39% | 24,274.5 | 24,515.7 | 11,894.5 | +1% | 32,155.2 | 30,331.7 | 13,576.9 | -6% |
| An Chomhairle Ealaíon | 0.1 | 0.2 | -50% | -75% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 96.3 | 41.0 | 20.7 | -57% |
| Ionad Oideachais Bhaile Átha Luain | <0.1 | 0.1 | -50% | -33% | 16.4 | 15.1 | 8.0 | -8% | 28.6 | 23.0 | 10.7 | -20% |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain | 6.9 | 10.7 | -50% | -31% | 834.2 | 681.5 | 408.8 | -18% | 2,480.2 | 1,856.9 | 761.1 | -25% |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach | 5.1 | 8.0 | -50% | -54% | 893.3 | 616.8 | 437.7 | -31% | 2,266.3 | 1,496.7 | 730.4 | -34% |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh – Dún na nGall | 3.7 | 5.5 | -50% | -56% | 603.9 | 522.6 | 295.9 | -13% | 1,418.6 | 1,038.2 | 469.9 | -27% |

| Comhlacht Poiblí | FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH FUINNIMH DE | | | | ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ídiú fuinnimh 2022 | | Táscaire feidhmíochta fuinnimh | | Astaíochtaí $CO_2$ iontaise | | | | Astaíochtaí iomlána $CO_2$ | | | |
| | Leagan Deiridh GWh | Príomha GWh | Sprioc 2030 | Athrú ón mbonnlíne EE is déanaí a leagadh síos (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) |
| Bantry Bay Port Company DAC[2] | | | -50% | | | | | | | | | |
| Ospidéal Beaumont | 43.5 | 63.0 | -50% | -12% | 4,910.7 | 5,288.3 | 2,406.2 | +8% | 12,365.2 | 11,085.1 | 4,003.0 | -10% |
| Ionad Oideachais na Carraige Duibhe | <0.1 | 0.1 | -50% | -52% | 19.1 | 8.3 | 9.4 | -56% | 35.4 | 17.9 | 12.9 | -50% |
| Bord Bia | 0.3 | 0.6 | -50% | -47% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 101.2 | 95.4 | 22.0 | -6% |
| Bord Iascaigh Mhara | 2.3 | 3.6 | -50% | -1% | 260.3 | 249.2 | 127.5 | -4% | 1,052.1 | 679.8 | 296.2 | -35% |
| Bord na Móna cpt[6] | 53.4 | 37.9 | -50% | -63% | 14,888.1 | 11,009.9 | 7,295.2 | -26% | 20,326.5 | 13,049.5 | 8,464.5 | -36% |
| Brothers of Charity Services Ireland CLG | 34.9 | 42.9 | -50% | -18% | 6,285.7 | 7,709.3 | 3,080.0 | +23% | 8,161.3 | 9,030.2 | 3,483.1 | +11% |
| Bus Éireann | 283.0 | 315.3 | -50% | -22% | 75,599.4 | 72,407.4 | 37,043.7 | -4% | 77,992.3 | 73,838.3 | 37,556.1 | -5% |
| Camphill Communities (Éire) | 5.2 | 6.7 | -50% | -18% | 1,098.9 | 947.0 | 538.5 | -14% | 1,654.9 | 1,294.1 | 658.2 | -22% |
| Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach Cheapaí | 5.0 | 7.1 | -50% | -40% | 734.2 | 636.8 | 359.8 | -13% | 1,578.4 | 1,257.2 | 540.5 | -20% |
| Comhairle Contae Cheatharlach[3] | 7.2 | 11.0 | -50% | -37% | 838.0 | 794.5 | 410.6 | -5% | 2,808.7 | 2,027.1 | 832.7 | -28% |
| Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc | <0.1 | <0.1 | -50% | -25% | 13.0 | 9.9 | 6.4 | -23% | 23.2 | 15.0 | 8.5 | -35% |
| Carriglea Cáirde Services | 2.8 | 3.6 | -50% | -27% | 559.3 | 598.8 | 274.1 | +7% | 814.7 | 750.6 | 328.7 | -8% |
| Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin | 7.7 | 11.3 | -50% | -27% | 793.2 | 808.9 | 388.6 | +2% | 2,017.2 | 1,850.6 | 652.7 | -8% |

**Nóta 2:** Shainaithin SEAI gnéithe de na sonraí a cuireadh isteach roimh an spriocdháta tuairiscithe nach mór iad a fhíorú. D'fhéadfadh sé gur thug an comhlacht poiblí aghaidh ar na gnéithe sin sular ríomh sé toradh an choigiltis fhoilsithe.
**Nóta 3:** Tá san áireamh i dtoradh gach údaráis áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach níl seirbhísí uisce san áireamh ó shin i leith.
**Nóta 6:** Tá raon an ídithe fuinnimh a áiríodh faoi chomhair sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an chomhlachta phoiblí seo éagsúil leis an raon a áiríodh faoi chomhair a sprice iomláine maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Eascraíonn sé seo as difríochtaí sa mhodheolaíocht a úsáidtear chun éifeachtúlacht fuinnimh agus leibhéal astaíochtaí gás ceaptha teasa saoráidí áirithe giniúna leictreachais a ríomh. Tá aon neamhréireachtaí dealraitheacha idir luachanna a thaispeántar don chomhlacht poiblí inchurtha i leith na héagsúlachta modheolaíochta seo.

| Comhlacht Poiblí | FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH FUINNIMH DE | | | | ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ídiú fuinnimh 2022 | | Táscaire feidhmíochta fuinnimh | | Astaíochtaí $CO_2$ iontaise | | | | Astaíochtaí iomlána $CO_2$ | | | |
| | Leagan Deiridh GWh | Príomha GWh | Sprioc 2030 | Athrú ón mbonnlíne EE is déanaí a leagadh síos (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) |
| Comhairle Contae an Chabháin[3, 6] | 7.9 | 12.2 | -50% | -31% | 836.3 | 887.8 | 409.8 | +6% | 3,219.9 | 2,287.5 | 920.7 | -29% |
| Banc Ceannais na hÉireann | 11.5 | 18.1 | -50% | -62% | 1,558.6 | 1,006.5 | 763.7 | -35% | 5,520.5 | 3,181.7 | 1,603.0 | -42% |
| An Clinic Lárnach Íocshláinteach | 2.9 | 4.0 | -50% | -42% | 663.9 | 479.1 | 325.3 | -28% | 1,149.3 | 747.1 | 429.4 | -35% |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 2.0 | 3.2 | -50% | -48% | 192.6 | 138.9 | 94.4 | -28% | 853.0 | 560.3 | 235.2 | -34% |
| An Rialálaí Carthanas | <0.1 | <0.1 | -36% | -55% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 16.4 | 10.8 | 3.5 | -34% |
| Cheeverstown House | 5.3 | 6.8 | -50% | -6% | 858.9 | 925.1 | 420.9 | +8% | 1,310.0 | 1,241.6 | 517.4 | -5% |
| Cheshire Ireland | 4.2 | 5.5 | -50% | -30% | 989.3 | 799.3 | 484.8 | -19% | 1,448.1 | 1,080.1 | 582.6 | -25% |
| Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 1.0 | 1.4 | -50% | -53% | 97.1 | 109.3 | 47.6 | +13% | 351.1 | 250.2 | 101.8 | -29% |
| Sláinte Leanaí Éireann (CHI) | 38.1 | 54.3 | -50% | -13% | 4,730.1 | 4,839.5 | 2,317.7 | +2% | 9,780.0 | 9,580.0 | 3,400.7 | -2% |
| Children's Sunshine Home/ Laura Lynn | 0.8 | 1.1 | -50% | -31% | 147.8 | 127.0 | 72.4 | -14% | 269.1 | 200.6 | 98.5 | -25% |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 0.4 | 0.7 | -50% | -47% | 32.7 | 31.2 | 16.0 | -5% | 163.0 | 117.0 | 44.3 | -28% |
| Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath | 18.1 | 25.7 | -50% | -16% | 2,274.8 | 2,405.1 | 1,114.7 | +6% | 5,558.5 | 4,582.3 | 1,818.6 | -18% |
| Comhairle Contae an Chláir[3] | 19.2 | 29.4 | -50% | -34% | 2,055.1 | 2,099.2 | 1,007.0 | +2% | 6,590.5 | 5,461.5 | 1,986.0 | -17% |
| Ionad Scrúduithe an Chláir | <0.1 | <0.1 | -50% | -62% | 22.4 | 13.2 | 11.0 | -41% | 38.9 | 18.8 | 14.5 | -52% |
| Ospidéal Pobail an Chóibh | 0.3 | 0.5 | -50% | -5% | 43.5 | 39.5 | 21.3 | -9% | 95.7 | 81.9 | 32.5 | -14% |
| Coillte Teoranta | 786.9 | 1,010.7 | -50% | -20% | 30,495.0 | 25,194.6 | 14,942.6 | -17% | 95,489.1 | 71,150.3 | 28,871.9 | -25% |

**Nóta 3:** Tá san áireamh i dtoradh gach údaráis áitiúil feidhmíocht sócmhainní seirbhísí uisce suas go dtí 2013 agus an bhliain sin san áireamh, ach níl seirbhísí uisce san áireamh ó shin i leith.

**Nóta 6:** Tá raon an ídithe fuinnimh a áiríodh faoi chomhair sprioc éifeachtúlachta fuinnimh an chomhlachta phoiblí seo éagsúil leis an raon a áiríodh faoi chomhair a sprice iomláine maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Eascraíonn sé seo as difríochtaí sa mhodheolaíocht a úsáidtear chun éifeachtúlacht fuinnimh agus leibhéal astaíochtaí gás ceaptha teasa saoráidí áirithe giniúna leictreachais a ríomh. Tá aon neamhréireachtaí dealraitheacha idir luachanna a thaispeántar don chomhlacht poiblí inchurtha i leith na héagsúlachta modheolaíochta seo.

| Comhlacht Poiblí | FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH FUINNIMH DE | | | | ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ídiú fuinnimh 2022 | | Táscaire feidhmíochta fuinnimh | | Astaíochtaí $CO_2$ iontaise | | | | Astaíochtaí iomlána $CO_2$ | | | |
| | Leagan Deiridh GWh | Príomha GWh | Sprioc 2030 | Athrú ón mbonnlíne EE is déanaí a leagadh síos (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) | Bonnlíne GCT $tCO_2$ | 2022 $tCO_2$ | Sprioc 2030 $tCO_2$ | Athrú ónar leagadh síos an bhonnlíne GCT dheireanach (go maith / go dona) |
| Coimisiún na Meán | 0.1 | 0.2 | -50% | -48% | 19.3 | 16.9 | 9.5 | -13% | 57.7 | 37.8 | 17.7 | -35% |
| An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta | <0.1 | 0.1 | -50% | -77% | 24.2 | 6.1 | 11.9 | -75% | 46.2 | 17.6 | 16.6 | -62% |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide | 0.4 | 0.8 | -50% | -55% | 18.0 | 18.1 | 8.8 | +1% | 201.8 | 139.0 | 48.1 | -31% |
| An Coimisiún um Rialáil Iarnróid | <0.1 | <0.1 | -50% | -77% | 11.8 | 13.2 | 5.8 | +12% | 24.6 | 16.5 | 8.4 | -33% |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntas | 0.1 | 0.2 | -50% | -79% | 0.0 | 0.0 | 0.0 | | 76.1 | 39.7 | 16.3 | -48% |
